An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Ciorclán 0012/2019

MEÁNSCOILEANNA DEONACHA

LEITHDHÁILEADH CEADAITHE AR PHOIST TEAGAISC
SCOILBHLIAIN 2019/20

1 Leithdháileadh údaraithe de phoist teagaisc don scoilbhliain 2019/2020

1.1 An tAcht Oideachais

Chun críocha Alt 24 (2) den Acht Oideachais 1998 (arna leasú leis an Acht Oideachais (Leasú), 2012), déantar leithdháileadh na bpost teagaisc don scoilbhliain 2019/20 a ríomh de réir na rialacha a leagtar amach sa chiorclán seo agus tá sé bunaithe ar chlárú aitheanta dalta ar chúrsaí faofa an 30 Meán Fómhair 2018.

1.2 Athlonnú

1.2.1 Athlonnú múinteoirí i scoileanna a bhfuil foireann níos mó ná an leithdháileadh ceadaithe acu

Tig ceist na hiomarca múinteoirí chun cinn sa chás ina bhfuil múinteoir amháin nó níos mó, le conradh buan nó CTÉ, sa bhreis ar ar leithdháileadh ar scoil don scoilbhliain 2019/20, fostaithe ag scoil ar an 31 Nollag 2018.

Tugadh fógra do scoileanna a thagann faoin gcatagóir seo agus iarrtar orthu múinteoirí a ainmniú le haghaidh ath-imlonnaithe de réir théarmaí na scéime athloannaithe.
Ní mór anois do na scoileanna sin an múinteoir/na múinteoirí sa bhreis a ainmniú ar **Alt B, Roinn 5, Foirm CC 19-20 agus Foirm ar leithligh RD1 19-20 a chur isteach do gach múinteoir.**

1.2.2 Athlonnú múinteoirí a cháiligh le haghaidh CTÉ de réir Alt A den gCiorclán 0024/2015

Is féidir múinteoirí a cháilíonn le haghaidh CID de réir **Alt A de Chiorclán 0024/2015** a athlonnú sna himthosca seo a leanas:

(a) Is féidir múinteoir a fuair CTÉ mar thoradh ar ionadaíocht a dhéanamh ar son múinteora ar shos gairme nó ar iasacht a ainmniú le haghaidh aathlonnú éigeantach díreach sula bhfilleann an múinteoir a bhfuil sé ag déanamh ionadaíocht ar a shon.

Sa chás sin, féadfaidh bainistíocht na scoile deis a thabhairt don mhúinteoir atá ag filleadh ó shos gairme / iasacht iarratas a chur isteach ar athlonnú deonach. Féadfaidh iarratasóir deonach, faoi réir coinníollacha áirithe, a athlonnú in áit ainmnithigh éigeantaigh.

I gcásanna den sórt sin, más gá é chun freastal ar riachtanais churaclaim na scoile agus i gcás ina bhfuil soláthar ag scoil laistigh dá leithdháileadh, féadfaidh bainistíocht na scoile an bheirt mhúinteoir a choinneáil sa scoil.

(b) Is féidir múinteoir a fuair CTÉ faoin tréimhse cháilithe laghdaithe d'fhostaíocht leanúnach níos faide ná dhá bhliain, nó de thoradh ionadaíocht a dhéanamh ar son mhúinteora ar shos gairme nó iasacht a ainmniú mar athlonnú éigeantach sna cásanna seo a leanas:

- tá neamhréir ábhar sa scoil/sa BOO – nuair atá níos mó acmhainní teagaisc ag an scoil/BOO in ábhar/ábhair an mhúinteora seo ná mar a theastaíonn chun na riachtanais churaclaim a shásamh san ábhar/sna hábhair, agus
- tá sé déanta amach ag an scoil/BOO gur féidir an neamhréir sin a réiteach go hiomlán nó cuid de a réiteach dá ndéanfaí múinteoir nó múinteoirí atá clúdaithe ag an scéim seo a athlonnú.

Sa chás sin, féadfaidh bainistíocht na scoile deis a thabhairt don mhúinteoir atá ag filleadh ó shos gairme / iasacht iarratas a chur isteach ar athlonnú deonach. faoi réir riachtannais churaclaim na scoile. Féadfaidh iarratasóir deonach, a athlonnú in áit ainmnithigh éigeantaigh i gcás ina bhfuil folúntas oiriúnach ar fáil agus go nglacann an t-iarratasóir leis.

Ní mór do scoileanna an múinteoir/na múinteoirí sa bhreis a ainmniú faoi **Ciorclán 0024/2015** ar **Alt B, Roinn 5, Foirm CC 19-20 agus Foirm RD1 19-20 a chur isteach do gach múinteoir agus Foirm RD2 19-20** a chur isteach i ngach cás ón scoil.

1.2.3 Scéim Píolótach um Athlonnú Deonach

Beidh Scéim Píolótach um Ath-imlonnú Deonach i bhfeidhm sna contaetha seo a leanas: Contae Cheatharlach, Contae Chill Chainnigh, Contae Loch Garman, Contae na Gaillimhe, agus Contae Ros Comain.

Leagtar amach na mionsonraí i Scéim Píolótach um Athlonnú Deonach 2019

1.2.4 An Próiseas Athlonnaithe

Fostaítear beirt Stiúrthóirí Athlonnaithe neamhspleácha ag an Roinn chun na scéimeanna athlonnaithe a oibriú ag leibhéal iar-bhunscoile. Beidh gach páirtí faoi cheangal ag na socrúcháin a chinneann na Stiúrthóirí.

Is cuspóir den scéim athlonnaithe é go mbeidh sí tugtha chun críche faoin 31 Bealtaine in aon bhliain áirithe chun líonadh folúntas a éascú.

Tá eolas ar na scéimeanna athlonnaithe ar fáil sna doiciméid faoi Cheisteanna Coitianta (CCanna) ar shuíomh gréasáin na Roinne
education.gov.ie/schoolsandcolleges/allocationofteacherstoschools

1.3 Fógra ar fholúntais suas go 31 Bealtaine 2019

1.3.1 Ní mór do scoileanna fógra faoi gach folúntas teagaisc a thabhairt do na Stiúrthóirí Athlonnaithe ar **Alt B Roinn 4 den Fhoirm CC 19-20 faoi 19 Márta 2019.**

1.3.2 Ní mór folúntais bhreise a dtiocfaidh údarás na scoile ar an eolas fúthu faoin 31 Bealtaine 2019 ,nó roimh an dáta sin, a chur in iúl freisin do na Stiúrthóirí ar **Alt B Roinn 4 den Fhoirm CC 19-20** laistigh de 5 lá oibre den scoil a bheith ar an eolas faoin bhfolúntas.

1.3.3 Is coinníoll é maidir líonadh fholúntais a thagann chun cinn ar an 31 Bealtaine 2019 nó roimh an dáta sin go dtugtar fógra ina leith do na Stiúrthóirí a luaithe a thagann sé chun cinn agus mar chuid den phróiseas athlonnaithe.

1.3.4 Le linn an phróisis athlonnaithe, is féidir le Boird Bhainistíochta próiseas earcaíochta a dhéanamh suas go dtí céim an agallaimh, agus céim an agallaimh san áireamh, ach **ní cheadaítear múinteoir a cheapadh** chun folúntas don scoilbhliain 2019/20 a líonadh go dtí go ndearbhóidh an Roinn go bhfuil an próiseas athlonnaithe críochnaithe.

1.4 Fógra ar fholúntais tar éis 31 Bealtaine 2019

1.4.1 Ní mór Roinn na Leithdháiltí a chur ar an eolas faoi aon fholúntais bhuana a thagann chun cinn tar éis 31 Bealtaine 2019 ar ríomhphost go allocations@education.gov.ie laistigh de 5 lá oibre den uair a thagann an folúntas chun cinn sa scoil.

1.4.2 Ní cheadaítear aon fholúntais bhuana a thagann chun cinn tar éis 31 Bealtaine 2019 a líonadh ach ar bhonn sealadach don scoilbhliain 2019/20. Ní bhaineann na socruithe sin le poist mar Phríomhoide nó Príomhoide Ionaid, a leanfar á líonadh ar an ngnáthbhealach ar bhonn buan.

Nóta : Sa chás go bhfaighfear amach nár cuireadh na Stiúrthóirí ar an eolas faoin bhfolúntas, ní cheadófar don scoil an múinteoir a cheapadh ach ar bhonn sealadach don scoilbhliain 2019/20.

2 Poist Ceadaithe Teagaisc ar sceideal foirne

2.1 Príomhoide/Príomhoide Ionaid:

2.1.1 Príomhoide:

Leithdháiltear post i leith príomhoide ar gach scoil aitheanta.

2.1.2 Príomhoide Ionaid:

Leithdháiltear poist i leith Príomhoidí Ionaid ar gach scoil aitheanta mar seo a leanas:

Rollú Daltaí (Iar-Ardteistiméireacht san áireamh)	Leithdháileadh Príomhoide Ionaid (CL)
1-150	0.25
151-300	0.50
301-400	0.75
401-699	1
700-899	2
900+	3

2.2 Leithdháileadh Bunaithe ar Rollú:

2.2.1 Gnáth-Rollú:

Is i leith an rollaithe cheadaithe é an leithdháileadh don Ghnáthrollú gan rollú Iar-Ardteistiméireachta, san áireamh.

Cuirtear cóimheas 19:1 i leith na ndaltaí sin i ngach iar-bhunscoil saoroideachais.

Cuirtear cóimheas 23:1 i leith na ndaltaí sin i ngach scoil aitheanta lasmuigh den chóras saoroideachais.

2.2.2 Saothar Treorach:

Faigheann gach scoil leithdháileadh i leith Saothar Treorach. Déantar é a ríomh trí thagairt don rollú ceadaithe, daltaí Iar-Ardteistiméireachta san áireamh, mar seo a leanas:

Catagóir na Scoile	Is é leithdháileadh treorach an difríocht idir:	
	An Cóimheas idir Daltaí agus Múinteoir (CDM) atá ann	An Cóimheas idir Daltaí agus Múinteoir laghdaithe
Sceim Saoroideachais -Nach scéim DEIS í	19:1	18:50
Sceim Saoroideachais - DEIS	19:1	17:75
A Ghearrann Taillí*	19:1	18:7

*Is le tagairt do CDM 19:1 é an laghdú CDM um Soláthar Treorach.

Tá tuilleadh eolais ar Sholáthar Treorach ar fáil in **Aguisín 3** den chiorclán seo.

2.2.3 Athleasú na Sraithe Sóisearaí:

Faigheann scoileanna leithdháileadh chun tacú le hAthleasú na Sraithe Sóisearaí trí am gairmiúil aonair a sholáthar chun ligean do mhúinteoirí dul i ngleic le gníomhaíochtaí comhoibríocha gairmiúla chun tacú leis an teagasc, leis an bhfoghlaim agus leis an measúnú.

Níl i gceist ag an leithdháileadh post i gcomhair am gairmiúla 40 nóiméad a sholáthar do gach múinteoir (leithdháiltí pro rata do mhúinteoirí páirtaimseartha san áireamh). Ba cheart don bhainistíocht scoile a soláthar foriomlán uaireanta teagaisc a leithdháileadh (poist bhreise arna leithdháileadh d'am gairmiúil, mar a leagtar amach thuas, san áireamh), ar bhealach a chinnteoidh go bhféadfaidh gach múinteoir a bhfuil baint acu le soláthar na Sraithe Sóisearaí, am gairmiúil a fháil de réir **Chiorcláin 0079/2018.**

Déantar an leithdháileadh a sholáthar i ndá chuid mar seo a leanas:

1 - Alt B den sceideal foirne

Déantar é a ríomh trí thagairt don rollú ceadaithe, gan daltaí Iar-Ardteistiméireachta san áireamh:

Catagóir na Scoile	**Is ionann leithdháileadh Athleasú na Sraithe Sóiseará agus an difríocht idir:**	
	An Cóimheas idir Daltaí agus Múinteoir (CDM) atá ann	CDM laghdaithe faoi 0.53
Sceim Saoroideachais	19:1	18.47
A Ghearrann Taillí*	23:1	22.47

2 - Alt C den sceideal foirne

Chomh maith leis sin, gheobhaidh scoileanna 22 uair a chloig (40 nóiméad in aghaidh na seachtaine) d'am gairmiúil i leith gach post Riachtanais Speisialta Oideachais agus Ranga Speisialta (coibhéis lánaimseartha).

2.2.4 Riachtanais Speisialta Oideachais:

Is ionann an leithdháileadh i gcomhair poist Riachtanas Speisialta Oideachais a eisíodh chuig gach scoil sa chéad sceideal de sholáthar foirne agus 100% de leithdháileadh na scoile don scoilbhliain 2019/20 (gan cúinsí eisceachtúla san áireamh inar féidir le scoileanna leithdháiltí breise a fháil le linn na scoilbhliana 2019/20). Tá na mionsonraí ar fad faoin tsamhail nua leithdháilte ar fáil i **gCiorclán 0008/2019**.

Is é An tIonad Taighde Oideachaisa ríomhfaidh leithdháileadh Oideachais Speisialta do na scoileanna nuabhunaithe sa scoilbhliain 2019/20.

2.2.5 An Teastas Sóisearach - Clár Scoile (TSCS):

Deonaítear leithdháileadh poist 0.25 coibhéis lánaimseartha sa bhreis do gach grúpa suas go dtí 45 dalta aitheanta, agus an líon sin san áireamh, a bhíonn rannpháirteach sa Teastas Sóisearach - Clár Scoile, faoi réir an uaslín de 135 dalta

Bíonn scoil teoranta do ghrúpa amháin ina bhfuil uaslíon de 45 dalta TSCS sa bhliain ina gcuireann sí tús le TSCS agus sa dá scoilbhliain ina dhiaidh sin.

2.2.6 An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCA):

Leithdháiltear 0.50 coibhéis lánaimseartha ar dheimhniú a fháil ó scoil ar **Alt A den CC 19-20** go soláthrófar an clár LCA sa scoilbhliain 2019/20.

2.2.7 Daltaí aitheanta ar chlár Iar-Ardteistiméireachta (IAT):

Bíonn cóimheas 19:1 i bhfeidhm i leith daltaí atá cláraithe ar chlár IAT, faoi réir uasmhéid údaraithe an rollaithe IAT.

2.2.8 An Ghaeilge

Leithdháiltear post breise maidir le gach scoil lán-Ghaeilge ainmnithe (Aicmiú Scoile 1).

2.2.9 Teagmháil Bhaile Scoile agus an Phobail:

Is idirghabháil scoil-bhunaithe í an Scéim Theagmhála Bhaile, Scoile agus an Phobail (TBSP) a sholáthraítear do scoileanna DEIS chun freastal ar riachtanais daltaí/teaghlaigh i gceantair faoi mhíbhuntáiste trí ról an tuismitheora mar phríomhoideachasóir a aithint agus a fhorbairt. Baintear sin amach trí dhíriú ar theaghlaigh dhaltaí atá i mbaol teip oideachais, agus réimse idirghabhálacha tacaíochta iomchuí chur i bhfeidhm Is poist bhuana, lánaimseartha iad Comhordaitheoirí TBSP a leithdháiltear ar scoileanna DEIS (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna uirbeacha). Leithdháiltear roinnt poist TBSP ar bhonn comhroinnte idir scoileanna DEIS (i gcnuasghrúpaí) agus is féidir iad a chomhroinnt idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

Cé gur faoi Sheirbhís Leasa Oideachais (SLO) Tusla atá freagracht oibríochtúil maidir leis an scéim TBSP, is í an Roinn atá freagrach as leithdháileadh agus maoiniú na múinteoirí sin a ghlacann ról an Chomhordaitheora TBSP sna scoileanna DEIS atá rannpháirteach sa scéim, agus dá réir sin bíonn rannpháirtíocht leanúnach aici leis an SLO chun éifeachtúlacht na scéime a chinntiú.

Ba cheart aon cheist a bhaineann leis an bpost TBSP a chur ar aghaidh chuig **social_inclusion@education.gov.ie**

2.2.10 Tacaíocht Teanga (BTB):

Cuimsíonn an leithdháileadh Riachtanais Oideachais Speisialta gné éigin soláthair do gach scoil chun go mbeidh ar a gcumas tacaíocht teagaisc bhreise a sholáthar do shaincheisteanna litearthachta ag éiri as an mBéarla mar Theanga Breise (BTB).

Sa scoilbhliain 2012/13 cuireadh bearta maolaithe i bhfeidhm do scoileanna ina raibh líon ard daltaí ag fáil tacaíocht teanga (BTB). Leanfaidh na scoileanna sin ag fáil an leithdháilte sin sa scoilbhliain 2019/20.

Is féidir le scoileanna ina bhfuil líon suntasach den rollú iomlán ag fáil tacaíochta teanga (BTB) agus a bhfuil níos lú ná inniúlacht B1 (Leibhéal 3) acu, achomharc a dhéanamh chuig an mBord Neamhspleách um Achomhairc do Mhúinteoirí Iar-Bhunscoile le haghaidh acmhainní breise, ach **Foirm AP 19-20** a chur isteach.

2.2.11 Acmhainn:

Leithdháileadh na poist sin sna blianta roimhe seo ar roinnt scoileanna chun tacú le ranganna/grúpaí speisialta inar aithníodh riachtanais speisialta. Leanfaidh na scoileanna an leithdháileadh sin sa scoilbhliain 2019/20.

2.2.12 Tacaíocht Foghlama Teanga (Lucht Siúil):

Sa scoilbhliain 2011/12 cuireadh bearta maolaithe i bhfeidhm do scoileanna ina raibh líon ard daltaí den Lucht Siúil. Leanfaidh na scoileanna sin ag fáil an leithdháilte sin sa scoilbhliain 2019/20.

2.2.13 Scoileanna Comhoideachais i scoilcheantar aonair:

Leithdháileadh post breise 0.5 coibhéis lánaimseartha ar na scoileanna sin sa scoilbhliain 2010/11 chun go mbeadh ar a gcumas an réimse ba mhó agus ab fhéidir de roghanna ábhar á chur ar fáil dá gcuid daltaí. Leanfaidh na scoileanna sin ag fáil an leithdháilte sin sa scoilbhliain 2019/20.

2.2.14 Comhoibriú Scoile:

Leithdháileadh líon beag post buan ar scoileanna sa scoilbhliain 2010/11 chun go mbeadh ar a gcumas cónascadh le hiar-bhunscoileanna eile áitiúla chun rogha na n-ábhar a mhéadú i scoilcheantar . Leanfaidh na scoileanna sin ag fáil an leithdháilte sin sa scoilbhliain 2019/20.

2.2.15 Comhordaitheoir Cláir:

I gcás scoile ina mbíonn daltaí cláraithe ar Chlár Scoile don Teastas Sóisearach (CSTS), ar Chlár na hIdirbhliana, ar Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) nó ar Chlár na Ardteistiméireachta Feidhmí (CATF), gheobhaidh údaráis na scoile leithdháileadh uaireanta teagaisc bunaithe ar an rollú iomlán i ngach clár agus i gcomhréir le téarmaí

Chiorcláin Ceannaireacht agus Bainistíocht in Iar Bhunscoileanna. Is mar seo a leanas a leithdháilfear na huaireanta teagaisc:

Líon na nDaltaí i gCláir	Leithdháileadh Coibhéise Lánaimseartha (CL)
1-59	0.09
60-99	0.14
100-139	0.18
140+	0.27

2.2.16 Clár Oideachais do Dhaoine Fásta:

Sa chás go ritheann scoil Clár(Cláir) um Oideachas Aosach Páirtaimseartha Féin-mhaoinithe, féadfar leithdháileadh uaireanta teagaisc a sholáthar de réir théarmaí Chiorcláin 46/00 agus 16/05.

2.2.17 Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta:

Gheobhaidh scoileanna i gceantair phleanála teanga Gaeltachta atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileeanna Gaeltachta leithdháileadh faoi théarmaí Chiorclán 0010/2019.

2.2.18 Ionadaíocht:

Gheobhaidh gach scoil leithdháileadh i mí Mheán Fómhair 2019 faoi théarmaí **Ciorclán 0050/2014** maidir le soláthar clúdach ionaid d'asláithreachtaí múinteoirí a eascraíonn as gnó scoile oifigiúil.

3. Cruinneas sonraí ar an sceideal tosaigh

Rinneadh gach iarracht chun a chinntiú go bhfuil na sonraí bunúsacha a úsáidtear chun an leithdháileadh foirne tosaigh a dhéanamh cruinn.

Nuair a fhaightear an sceideal tosaigh, ba chóir d'údarás na scoile é féin a shásamh go bhfuil na sonraí cruinn agus go léiríonn siad aon tuairiscí atá déanta ag an scoil i leith a daltaí agus a múinteoirí.

Caithfear fógra a thabhairt maidir le míchruinneas sna sonraí rollaithe agus leithdháilte **láithreach** do**:**

Rollú - **p_podhelpdesk@education.gov.ie**
Leithdháileadh - **allocations@education.gov.ie**

Tabharfar fógra do scoileanna i mí Aibreáin faoi choigeartuithe ar na taifid chlárúcháin nó leithdháilte de thoradh na faisnéise athbhreithnithe a fuarthas leis na cinntí maidir le Lamháltas Curaclaim.

4. Iarratais le haghaidh leithdháileadh breise de mhúinteoirí

Is féidir iarratais le haghaidh leithdháileadh breisedo rollú méadaithe réamh-mheasta agus/nó lámhaltais churaclaim a dhéanamh **ar nó roimh 19 Márta 2019**.
Tabhair faoi deara go líonfar leithdháiltí den chineál sin, nuair is féidir, trí athlonnú.

4.1 Méadú réamh-mheasta ar rollú:

Féadfaidh scoileanna a réamh-mheasann méadú ar rollú nach féidir a sheirbheáil laistigh den leithdháileadh ceadaithe iarratas a dhéanamh ar leithdháileadh breise. Déanfar iarratais (ar **Alt A Mír 1 d'Fhoirm CC 19-20)** a mheas ar bhonn 95% den rollú iomlán réamh-mheasta.

Gheobhaidh scoileanna ceadú sealadach ar an leithdháile breise maidir leis an méadú réamh-mheasta ar rollú. Ní mór don údarás scoile an **Foirm PE 19-20** a chur isteach tar éis don scoil oscailt don scoilbhliain 2019/20 chun an rollú a dheimniú i Meán Fómhair 2019.

Níor cheart conarthaí a dhéanamh le múinteoirí maidir le clárú méadaithe go dtí go soláthraítear an leithdháileadh breise ar an sceideal foirne.

Dearbhófar an líon ar an rolla le P-POD i mí Dheireadh Fómhair i gcoinne an rollú a cuireadh isteach i Meán Fómhair i bhFoirm PE 19/20.

Maidir le cásanna ina ndéantar rolluithe a rólua d'aonghnó chun críocha aon acmhainní breise a fháil ón Roinn is amhlaidh go gcuirfear na cásanna sin a chur ar aghaidh chuig an nGarda Síochána agus go bhféadfaí imeachtaí coiriúla teacht as.

4.2 Lámhaltais Churaclaim:

Féadfaidh scoil atá thíos leis mar gheall ar easpa scileanna gan choinne i réimsí ábhair ar leith nach raibh sé in ann a réiteach trí phróiseas pleanála agus bainistíochta na scoile iarratas a dhéanamh ar fhoireann bhreise mar thacaíocht ghearrthéarmach.

Tá treoirlínte maidir le haon iarratas den sórt sin leagtha amach in Aguisín 2 den chiorclán seo.

Nóta: Cuirtear san áireamh na poist rollaithe réamh-mheasta ceadaithe go sealadach agus iad ag próiseáil iarratais ar lamháltais churaclaim .

5. Foirmeacha CP1 a chomhlánú

Tá sé riachtanach seasamh ceapacháin foirne teagaisc na scoile a bhunú go soiléir don scoilbhliain 2019/20

Éilítear ar scoileanna a aithint ar an **Foirm CP1** (arna eisiú leis an sceideal foirne tosaigh) na múinteoirí sa scoilbhliain 2019/20 a:

- éireoidh as/rachaidh ar scor (deimhnigh dáta)
- thosóidh, a leanfaidh ar aghaidh le, nó a chuirfidh deireadh le sos gairme, postroinnt nó socrúchán iasachta
- bheidh incháilithe le haghaidh Conradh de Thréimhse Éiginnte (deimhnigh uaireanta)

6. Conarthaí de Thréimhse Éiginnte (CID)

Éilítear ar scoileanna ceadú Roinne a iarraidh le CID a bhronnadh maidir le múinteoir a mheastar a bheith i dteideal CID nó CID breise ó thús na scoilbhliana 2019/20. Ní mór iarratais chun an chéad CID nó CID sa bhreis a dhéanamh ar **Foirm CID 19-20.**

Má tharlaíonn múinteoir a bheith i dteideal an chéad CID nó CID eile idir 18 uair an chloig agus 22 uair an chloig sa scoilbhliain 2019/20, féadfaidh sé / sí iarratas a dhéanamh le bheith ar an tráthchlár ar feadh suas le 22 uair an chloig de réir **Ciorclán 0048/2007.** I gcásanna den chineál sin d'fhéadfaí an CID a mhéadú go 22 uair an chloig. Tá **Foirm H22** le tabhairt isteach leis an bhfoirm iarratais CID **Foirm Iarratais CID 19-20.**

Nuair a bhíonn CID ag múinteoir de idir **18 uair an chloig agus 22 uair an chloig,** féadfaidh sé / sí iarratas a dhéanamh le bheith ar an tráthchlár ar feadh suas le 22 uair an chloig de réir **Ciorclán 0048/2007**. I gcásanna den chineál sin d'fhéadfaí an CID a mhéadú go 22 uair an chloig. Is féidir iarratas a dhéanamh ar **Foirm H22.**

7. Achomhairc i gcoinne cinntí ón Roinn maidir le leithdháiltí tosaigh nó breise

Déanfaidh an Bord Achomhairc na nIarbhunscoileanna, a fheidhmíonn neamhspleách ón Aire agus ón Roinn, achomhairc ó scoileanna/BOO maidir le leithdháiltí múinteoirí don scoilbhliain 2019/20 de réir na gcritéar seo a leanas:

- Cinneadh na Roinne ar iarratas na scoile/BOO le haghaidh lámhaltáis churaclaim;
- An léithdháileadh do dhaltaí Béarla mar Theanga Breise ar leibhéal nios lú ná B1 (cumas Leibhéal 3).

Ní amharcfaidh an Bord ach ar aighneachtaí atá déanta ag údarás bainistíochta na scoile ábhartha ar **Foirm AP 19-20** agus ní bheidh aon dul thar bhreithniúnas an Bhoird.

8. Foirmeacha

Tá liosta na bhfoirmeacha gaolmhara (agus na naisc ábhartha iontu) agus na dátaí deiridh cuí iarratais a fháil leagtha amach in **Aguisín 1.**

Paraic Joyce
Príomhoifigeach
An Rannóg Leithdháiltí Múinteora Iarbhunscoile

Feabhra 2019

Aguisín 1
Liosta Foirmeacha agus Dátaí Deiridh - 2019/20

Foirm	An chúis le gach foirm	An Dáta Deiridh chun glacadh le foirmeacha líonta sa Roinn.
RD1 19-20 IONSÁITEAR NASC	Iarratas ó mhúinteoir Buan / CID le haghaidh athlonnaithe de réir na scéimeanna athlonnaithe iar-bhunscoile • ainmnithe le haghaidh athlonnú éigeantach ag cur isteach ar athlonnú deonach	**8 Márta 2019**
RD2 19-20 IONSÁITEAR NASC	Dearbhú ag scoil a thug CID do mhúinteoir faoi Chiorclán 0024/2015 agus: • an múinteoir a raibh sé/sí ag teacht ina (h)áit ag pilleadh ó shos gairme nó ó sheal ar iasacht, nó • tá neamhréir ann ina (h)ábha(i)r	**8 Márta 2019**
RD10 19-20 IONSÁITEAR NASC	Foirm le comhlánú ag múinteoir atá ainmnithe le haghaidh athlonnú nuair a mheasann sé / sí nár comhlíonadh an próiseas agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chomhaontú athlonnaithe	**8 Márta 2019**
Pilot Vol RD1 19-20 IONSÁITEAR NASC	Iarratas le haghaidh athlonnaithe faoi théarmaí na scéime píolótaí deonaí athlonnaithe 2019/20	**8 Márta 2019**
CP1	Seasamh ceapacháin scoile ar dháta an leithdháilte tosaigh, mar shampla, liosta na múinteoirí atá faoi láthair ar phárolla na Roinne. Scoileanna le lua sa cholún tráchta má tá múinteoir ag dul ar scor, ag éirí as, ar iasacht, ag glacadh sos gairme, postroinnt nó ag cáiliú le haghaidh CID. Sa chás ina mbeidh múinteoir ag glacadh sos gairme nó ar iasacht, luaigh líon na mblianta, mar shampla "Sos Gairme, Bliain a 3" Sa chás ina bhfuil múinteoir ag cáiliú le haghaidh CID, luaigh líon na n-uaireanta.	**19 Márta 2019**

CC 19-20 **IONSÁITEAR NASC**	**Alt A** Mír 1 - Dearbhú ar rolla réamh-mheasta don scoilbhliain 2019/20 Mír 2 - Iarratas le haghaidh Lámhaltais Churaclaim **Alt B** Mír 3 - Rannán 3 - Eolas chun cabhrú le fógairt folúntas Mír 4 - Dearbhú ar gach folúntas don scoilbhliain 2019/20 Mír 5 - Le comhlánú sa chás ina n-aimnítear múinteoir le haghaidh athlonnú éigeantach. **Alt C -** Deimhniú ag údarás scoile	**19 Márta 2019**
CID 19-20 **IONSÁITEAR NASC**	Iarratas ar Chonradh de Thréimse Éiginnte a bhronnadh ar mhúinteoir den chéad uair nó d'uair sa bhreis	**19 Márta 2019**
H22 19-20 **IONSÁITEAR NASC**	Iarratas ar thuarastal iomlán do mhúinteoir le CID ar feadh 18 uair an chloig nó níos mó (le cur isteach, más infheidhme, le **Foirm CID 19-20**)	**19 Márta 2019**
AE 19-20 **IONSÁITEAR NASC**	Iarratas ar leithdháileadh maidir le laghdú uaireanta sa scoilbhliain 2019/20 maidir le clár um Oideachas Aosach Féinmhaoinithe	**19 Márta 2019**
AP 19-20 **IONSÁITEAR NASC**	Iarratas don Bhord um Achomhairc Neamhspleácha ar achomharc: • Cinneadh na Roinne ar lámhaltáis churaclaim • An léithdháileadh do dhaltaí Béarla mar Theanga Breise ar leibhéal nios lú ná B1 (cumas Leibhéal 3)	**10 Bealtaine 2019**
PE 19-20 **IONSÁITEAR NASC**	Iarratas ar leithdháileadh sa bhreis sa scoilbhliain 2019/20 maidir le rollú méadaithe	**30 Mean Fomhair 2019**

Aguisín 2

Treoirlínte le haghaidh iarratais ar Lámhaltais Churaclaim

1. An cuspóir le Lámhaltais Churaclaim

Nímór do gach bainistíocht scoile a curaclam, an tráthchlár teagaisc agus na roghanna ábhair a eagrú ag féachaint do riachtanais na ndaltaí laistigh de theorainneacha an leithdháilte foirne a cheadaítear de ghnáth.

D'fhéadfadh deacracht tobann agus gan choinne a bheith ag scoil ag comhlíonadh gealltanais churaclaim riachtanacha ionas go mbíonn daltaí in ann leanúint ar aghaidh ag déanamh staidéir ar ábhar áirithe faoi dheireadh a gclár.

I gcás nach bhfuil údarás scoile in ann an cheist a réiteach láithreach laistigh den ghnáthdháileadh foirne trína bpróiseas pleanála agus bainistíochta scoile, féadfar iarratas a dhéanamh maidir le lamhálta(i)s c(h)uraclaim mar thacaíocht ghearrthéarmach.

TÁBHACHTACH

Ní fhéadfar go n-iarrfar lámhaltais churaclaim:

- chun scoileanna a chumasú soláthar curaclaim a choinneáil nó a fhorbairt nach féidir a chothú laistigh de chlárúcháin, teidlíochtaí foirne agus pleananna scoile
- chun ceadú foirm iarratais ó mhúinteoir a éascú maidir le cead neamhláithreachta ceadaithe, mar shampla post-roinnt, sos gairme nó iasacht.

2. Athbhreithniú ar Bhainistíocht Scoile sula gcuirfear isteach iarratas ar Lamháltas Curaclaim

Sula ndéantar iarratas ar lamhálta(i)s c(h)uraclaim ní mór don scoil an chéad uair:

a) Tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar phleanáil churaclaim agus leithdháileadh foirne (iniúchadh curaclaim) chun a fháil amach an féidir freastal ar riachtanais churaclaim na scoile laistigh den ghnáthdháileadh foirne ó 2019/20 ar aghaidh.
b) A chinntiú go mbaintear úsáid iomlán as gach post teagaisc faofa atá ar an amchlár.
c) Smaoineamh an mbeidh an scoil incháilithe le haghaidh leithdháileadh breise maidir le méadú réamh-mheasta ar chlárú sa scoilbhliain 2019/20. Cuirtear san áireamh an leithdháileadh seo agus ag cinneadh ar iarratais ar lamháltais churaclaim.
d) Machnamh a dhéanamh ar na roghanna atá ag comhoibriú idirscolaíochta ar leibhéal áitiúil maidir le foireann agus acmhainní teagaisc atá ann cheana a roinnt, go háirithe maidir le hábhair mhionlaigh chun seirbhísí oideachais éifeachtacha agus éifeachtúla a sholáthar don cheantar.

3. Iarratas le haghaidh Lámhalta(i)s C(h)uraclaim

Más rud é, tar éis athbhreithniú Bainistíochta Scoile, go measann scoil gur gá iarratas

a dhéanamh ar lamháltais churaclaim, féadfar iarratas a dhéanamh trí **Alt A de Alt 2 de Foirm CC 19/20** a chomhlánú.

Ní féidir ach aon iarratas ar lamháltais churaclaim in aghaidh na scoile a dhéanamh gach bliain.

Iarrtar ar scoileanna dhá chóip clóscríofa a chur isteach chuig Rannóg Leithdháileadh Múinteoirí Iarbhunscoile faoin **19 Márta 2019.**

Ba chóir d'údaráis scoile cruthúnas postála a choinneáil. Ní ghlacfar le hiarratais mhalla ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.

Ba chóir go luafar go soiléir ar iarratais:
(a) an dóigh ar ghlac údarás na scoile páirt i bpleanáil scoile éifeachtach agus leithdháileadh foirne chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh
(b) an tréimhse ar a bhfuil tacaíocht ghearrthéarmach ag teastáil chun go bhféadfaidh an t-údarás scoile freagra a thabhairt ar fhadhbanna curaclaim aitheanta (de ghnáth ar feadh 1 scoilbhliain, ach nach mó ná 3 scoilbhliana)
(c) aon riachtanais ar leith ag scoileanna beaga saorsheasaimh
(d) an fhéidearthacht go gcomhlíonfar riachtanais churaclaim trí shocruithe le haghaidh comhoibriú idirscoile le scoileanna sa chomharsanacht
(e) fachtóirí eiseachtúla a mheasann údarás na scoile a bheith ábhartha

Cuirfidh an Roinn cinntí in iúl d'údaráis scoile in Aibreán 2019.

4. Nós Imeachta Achomhairc

Mura bhfuil údarás scoile sásta le cinneadh na Roinne maidir lena iarratas ar lamháltas curaclaim, féadfar achomharc a chur faoi bhráid an Bhoird Achomhairc neamhspleách ar **Foirm AP 19-20 -** féach Alt 7

Cuirfidh an Roinn cinntí faoi iarratais ar Achomhairc in iúl d'údaráis scoile i mBealtaine 2019.

Aguisín 3

Soláthar Treorach in Iar-Bhunscoileanna

Gníomhaíocht scoile uile is ea an treoir ina bhforbraíonn gach scoil plean treorach scoile uile i gcomhar le chéile mar bhealach chun tacú le riachtanais na ndaltaí. Tá sé tábhachtach go n-aithníonn gach ball foirne go hiomlán agus go gcinntíonn siad go bhfuil an treoir fite fuaite le gach gné de shaol na scoile. Ba chóir do phleananna treorach cur síos a dhéanamh ar chur chuige na scoile maidir le treorú i gcoitinne agus conas is féidir tacaíocht agus cabhrú a thabhairt do dhaltaí agus iad ag déanamh cinntí agus ag aistriú go rathúil sna réimsí pearsanta, sóisialta, oideachais agus gairme. Ba cheartdon phlean treorach idirdhealú idir na hinniúlachtaí atá ar fáil laistigh den scoil chun tacú le dalta i gcásanna ina dteastaíonn iad a chur ar aghaidh chuig na seirbhísí Sláinte nó comhairle a thabhairt do thuismitheoirí ar an ngá atá le tarchur aonair a mheas chuig gairmí leighis.

Ba cheart do scoileanna machnamh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr le leithdháileadh acmhainní a ailíniú le cuspóirí an Phlean Treorach. Ba cheart don Bhord Bainistíochta maoirseacht a dhéanamh tríd an bPlean a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Go sonrach, ba cheart don Bhord an plean agus an chaoi a chuirtear acmhainní ar fáil dó a mheas sula nglacann siad leisan bplean agus sula gcuireann sé ar fáil é don fhoireann, do thuismitheoirí agus do dhaltaí uile.

Ba cheart go mbeadh na foilseacháin seo a leanas úsáideach do Bhoird agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an leithdháileadh feabhsaithe do mhúinteoirí:

Framework for Considering Provision of Guidance in Post-Primary Schools 2012
(Eisithe ag ACCS, IVEA, JMB agus NAPD)
http://www.ncge.ie/uploads/Guidance_Framework_document_May_1st_2012.pdf

2013 Wellbeing Guidelines for Post-Primary Schools
https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Resources-Guidance/Well-Being-in-Post-Primary-Schools-Guidelines-for-Mental-Health-Promotion-and-Suicide-Prevention-2013.pdf

NCGE School Guidance Handbook http://www.schoolguidancehandbook.ncge.ie/

Am le haghaidh daltaí aonair

Éilíonn an tAire sa chiorclán seo go leasóidh scoileanna a bPleananna Treorach chun Gníomh 9.1 sa ***Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017*** ina luaitear gur chóir go mbeadh sa Phlean Treorach ***"leithdháileadh ama ar leith a áireamh do threoirchomhairleoirí a bheith ar fáil do threoirchomhairleoireacht duine le duine do scoláirí agus leithdháileadh ama don ról ag tacú leis an bhFoireann Tacaíochta Scoláirí"***